C/2026/5529

22.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12623 — ARDIAN / TECHNOLOGY & STRATEGY)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5529)

1. An 12 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ardian Expansion Fund IV B S.L.P agus Ardian Expansion Fund IV EIF Parallel S.L.P ('Ardian', an Fhrainc), atá faoi rialú Ardian Holding SAS (an Fhrainc),

— Technology & Strategy SAS ('T&S', an Fhrainc), faoi rialú Ardian agus Cosinhuss SARL (an Fhrainc).

Gheobhaidh Ardian rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar T&S ina iomláine.

Cuirtear an comhchruinniú chun feidhme le conradh, go háirithe trí leasú ar chomhaontú na scairshealbhóirí.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh Francach é Ardian a bhainistíonn agus a thugann comhairle, trína fhochuideachtaí, do roinnt cistí infheistíochta a bhfuil scairshealbha díreacha nó indíreacha acu in go leor cuideachtaí oibriúcháin ar fud an domhain,

— Is grúpa comhairliúcháin Eorpach é T & S a bhfuil speisialtóireacht aige san innealtóireacht, sa TF, sa digiteach agus i mbainistiú tionscadal, agus atá gníomhach go príomha sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Ísiltír, san Eilvéis agus i dtíortha Eorpacha eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoina bhráid.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12623 — ARDIAN / TECHNOLOGY & STRATEGY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
AN BHEILG /// BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.